**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0004/2023**

17.1.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rochtain na n-údarás inniúil ar chlárlanna láraithe cuntas bainc tríd an bpointe rochtana aonair
(COM(2021)0429 – C9-0338/2021 – 2021/0244(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Emil Radev



Aontaithe san éagsúlacht

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA...........................................................................................................11

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..................................................................16

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........18

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rochtain na n-údarás inniúil ar chlárlanna láraithe cuntas bainc tríd an bpointe rochtana aonair**
**(COM(2021)0429 – C9-0338/2021 – 2021/0244(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0429),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9‑0338/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0004/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is gá an rochtain ar fhaisnéis | (1) Is gá an rochtain ar fhaisnéis |

| | |
|---|---|
| airgeadais a éascú chun coireanna tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht. Go háirithe, tá rochtain thapa ar fhaisnéis airgeadais ag teastáil chun imscrúduithe coiriúla a dhéanamh agus chun gur féidir ionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a rianú agus a choigistiú go rathúil ina dhiaidh sin. | airgeadais a éascú ***agus a bharrfheabhsú*** chun coireanna tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht. Go háirithe, tá rochtain thapa ar fhaisnéis airgeadais ag teastáil chun imscrúduithe coiriúla ***éifeachtacha*** a dhéanamh agus chun gur féidir ionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a rianú agus a choigistiú go rathúil ina dhiaidh sin***, go háirithe mar chuid d'imscrúduithe ar an gcoireacht eagraithe***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá gné thrasteorann leis an gcoireacht eagraithe agus leis an sciúradh airgid agus tá tábhacht ag baint le faisnéis airgeadais chun ***gníomhaíochtaí*** coiriúla a chomhrac, lena n-áirítear trí shócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach a rianú, a chalcadh nó a choigistiú go tapa i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, agus ó tharla sin amhlaidh, na húdaráis atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, ar cionta coiriúla iad arna n-ainmniú ***ag na Ballstáit*** i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1153, ba cheart do na húdaráis sin a bheith in ann clárlanna láraithe cuntas bainc de chuid Ballstát eile a rochtain go díreach agus iad a chuardach trí phointe rochtana aonair BAR, rud a chuirfear i bhfeidhm de bhun Threoir (AE) BBBB/XX. | (5) Tá gné thrasteorann leis an gcoireacht eagraithe***, le maoiniú na sceimhlitheoireachta*** agus leis an sciúradh airgid***,*** agus tá tábhacht ag baint le faisnéis airgeadais ***ábhartha*** chun ***cionta*** coiriúla ***tromchúiseacha*** a chomhrac, lena n-áirítear trí shócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach a rianú, a chalcadh nó a choigistiú go tapa i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, agus ó tharla sin amhlaidh, na húdaráis atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, ar cionta coiriúla iad arna n-ainmniú i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1153, ba cheart do na húdaráis sin a bheith in ann clárlanna láraithe cuntas bainc de chuid Ballstát eile a rochtain go díreach agus iad a chuardach trí phointe rochtana aonair BAR, rud a chuirfear i bhfeidhm de bhun Threoir (AE) BBBB/XX. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Na coimircí agus na teorainneacha arna mbunú cheana le Treoir (AE) 2019/1153, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na féidearthachtaí atá ann faisnéis cuntas bainc a rochtain nó a chuardach trí phointe rochtana BAR, rud a chuirfear i bhfeidhm leis an Treoir seo. Baineann na coimircí agus na teorannacha sin leis an teorannú ar na húdaráis a bhfuil de chumhacht acu faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach, leis na cuspóirí ***a d'fhéadfadh a bheith ag*** an rochtain agus an cuardach, leis na cineálacha faisnéise atá inrochtana agus inchuardaithe, leis na cáilíochtaí is infheidhme maidir le baill foirne na n-údarás inniúil ainmnithe, le slándáil na sonraí agus le logáil na rochtana agus na gcuardach. | (6) Na coimircí agus na teorainneacha arna mbunú cheana le Treoir (AE) 2019/1153, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na féidearthachtaí atá ann faisnéis cuntas bainc a rochtain nó a chuardach trí phointe rochtana ***aonair*** BAR, rud a chuirfear i bhfeidhm leis an Treoir seo. Baineann na coimircí agus na teorannacha sin leis an teorannú ar na húdaráis a bhfuil de chumhacht acu faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach, leis na cuspóirí ***lena bhféadfar*** an rochtain agus an cuardach ***a cheadú***, leis na cineálacha faisnéise atá inrochtana agus inchuardaithe ***agus prionsabal an íoslaghdaithe sonraí á urramú ag an am céanna***, leis na cáilíochtaí is infheidhme maidir le baill foirne na n-údarás inniúil ainmnithe, le slándáil na sonraí agus le logáil na rochtana agus na gcuardach. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Maidir le cur ar chumas na n-údarás inniúil i mBallstát amháin clárlanna láraithe cuntas bainc de chuid Ballstát eile a rochtain agus a chuardach trí phointe rochtana aonair BAR, tá sé sin bunaithe ar an toimhde go gcomhlíonann na Ballstáit dlí an Aontais agus go n-urramaíonn siad an smacht reachta mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus cearta bunúsacha mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, amhail na cearta chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint. I gcás ina n-úsáidtear sonraí a bhfaightear rochtain orthu trí phointe rochtana aonair BAR*** |

***chun cásanna coiriúla a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus chomh maith leis an gceanglas atá ar na Ballstáit caighdeáin um chearta bunúsacha agus oibleagáidí gaolmhara a chomhlíonadh, tá dualgas orthu a áirithiú go ndéantar cearta daoine atá faoi dhrochamhras agus atá cúisithe a chosaint ar bhealach comhionann, lena n-áirítear an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, ar gnéithe bunriachtanacha iad den limistéar saoirse, slándála agus ceartais laistigh den Aontas. Agus pointe rochtana aonair BAR á úsáid acu, ní mór do na húdaráis inniúla na cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha a urramú freisin, ar cearta agus prionsabail iad dá bhforáiltear sa dlí idirnáisiúnta, i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas nó na Ballstáit uile ina bpáirtithe iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha, agus i mbunreachtanna na mBallstát.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) Ar an gcaoi chéanna le Treoir (AE) 2019/1153, agus a mhéid a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc agus ceadú na faisnéise sin trí phointe rochtana aonair BAR, ba cheart do na Ballstáit, agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, cineál, stádas eagraíochtúil, ról agus sainphribhléidí na n-údarás agus na gcomhlachtaí a bhunaítear faoin dlí náisiúnta a mheas mar údaráis agus comhlachtaí atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, lena n-áirítear na sásraí atá ann cheana chun córais airgeadais a chosaint ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú*** |

***sceimhlitheoireachta.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***[agus*** thug sé ***tuairim*** uaidh ***an XX 2021]***, | (12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé ***a bharúlacha*** uaidh an ***6 Meán Fómhair*** 2021, |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1**
Treoir (AE) 2019/1153
Airteagal 4 – mír 1 a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis inniúla ***náisiúnta*** a ainmnítear de bhun Airteagal 3(1), chun gur féidir leo faisnéis cuntas bainc i mBallstáit eile a rochtain agus a chuardach***,*** go díreach agus láithreach, tríd an bpointe rochtana aonair de chuid na gclárlann cuntas bainc (BAR), rud chuirfear i bhfeidhm de bhun Airteagal XX de Threoir (AE) ***BBBB/XX[an*** Treoir nua maidir ***le Frithsciúradh Airgid] ,***i gcás ***inar gá*** chun a gcúraimí a dhéanamh ar mhaithe le cion coiriúil tromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt d’imscrúdú maidir le cion coiriúil tromchúiseach, lena n-áirítear na sócmhainní a bhaineann leis an imscrúdú sin a shainaithint, a rianú agus a chalcadh.***’.*** | 1a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis ***náisiúnta*** inniúla a ainmnítear de bhun Airteagal 3(1), chun gur féidir leo faisnéis cuntas bainc i mBallstáit eile a rochtain agus a chuardach go díreach agus láithreach, ***ar faisnéis í atá ar fáil*** tríd an bpointe rochtana aonair de chuid na gclárlann cuntas bainc (BAR), rud ***a*** chuirfear i bhfeidhm de bhun Airteagal XX de Threoir (AE) BBBB/XX ***[an*** Treoir nua maidir ***leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac]*** i gcás ***ina bhfuil údar cuí ag na húdaráis inniúla sin a mheas go bhféadfadh faisnéis ábhartha cuntas bainc a bheith i mBallstáit eile atá riachtanach*** chun a gcúraimí a dhéanamh ar mhaithe le cion coiriúil tromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt d’imscrúdú ***coiriúil*** maidir le cion |

coiriúil tromchúiseach, lena n-áirítear na sócmhainní a bhaineann leis an imscrúdú sin a shainaithint, a rianú agus a chalcadh.

***Maidir le sonraí a bhailítear mar thoradh ar fhaisnéis cuntas bainc a rochtain nó a chuardach trí phointe rochtana aonair BAR faoin gcéad fhomhír, beidh siad leormhaith agus ábhartha chun na gcríoch a n-iarrtar iad ina leith agus ní bheidh siad iomarcach chun na gcríoch sin. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir leis na húdaráis inniúla cuardaigh a dhéanamh ach amháin mar a fhoráiltear dóibh sa chéad fhomhír ar choinníoll go mbeadh na húdaráis náisiúnta inniúla in ann na cuardaigh sin a dhéanamh sa chlárlann náisiúnta faoi na coinníollacha céanna i gcás intíre comhchosúil. Ní úsáidfear faisnéis a fhaightear trí phointe rochtana aonair BAR a rochtain agus a chuardach ach amháin chun na críche ar iarradh í.***

***Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a dhéanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla arna n-ainmniú acu de bhun Airteagal 3(1) faisnéis i mBallstáit eile atá ar fáil trí phointe rochtana aonair BAR a rochtain agus a chuardach, go n-urramóidh na húdaráis inniúla sin cearta nós imeachta daoine aonair agus go gcomhlíonfaidh siad rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta.***

***Maidir le foireann na n-údarás inniúil ainmnithe a bhfuil rochtain acu trí phointe rochtana aonair BAR, áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh an fhoireann sin ardchaighdeáin maidir le rúndacht agus le cosaint sonraí, go mbeidh ardleibhéal ionracais acu agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu.***

15.3.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rochtain na n-údarás inniúil ar chlárlanna láraithe cuntas bainc tríd an bpointe rochtana aonair (COM(2021)0429 – C9-0338/2021 – 2021/0244(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Inese Vaidere

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Ba cheart d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) iarracht a dhéanamh faisnéis airgeadais nó anailís airgeadais a mhalartú chun sciúradh airgid, na cionta preideacáide bainteacha agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2015/849.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)**

Treoir (AE) 2019/1153.
Airteagal 1 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(1):*** |
| Leagtar síos leis an Treoir seo bearta arb é is aidhm dóibh éascú a dhéanamh ar an rochtain agus ar an úsáid atá ag na húdaráis inniúla ar fhaisnéis airgeadais agus faisnéis cuntas bainc d'fhonn cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Leagtar síos léi freisin bearta arb é is aidhm dóibh éascú a dhéanamh ar an rochtain atá ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais ("AFAnna") ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí le haghaidh sciúradh airgid, cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac ***agus bearta chun an comhar idir AFAnna a éascú***. | 'Leagtar síos leis an Treoir seo bearta arb é is aidhm dóibh éascú a dhéanamh ar an rochtain agus ar an úsáid atá ag na húdaráis inniúla ar fhaisnéis airgeadais agus faisnéis cuntas bainc d'fhonn cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Leagtar síos léi freisin bearta arb é is aidhm dóibh éascú a dhéanamh ar an rochtain atá ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais ("AFAnna") ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí le haghaidh sciúradh airgid, cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac.' |

*(Treoir 2019/1153)*

*Réasúnú*

*Ba cheart bearta chun comhar a éascú idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais a chur i gcrích faoin mbunús dlí dá bhforáiltear leis an Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid.*

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**
Treoir (AE) 2019/1153.
Airteagal 9

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 9*** | ***(1a) Scriostar Airteagal 9.*** |
| ***Malartú faisnéise idir AFAnna de chuid Ballstát éagsúil*** | |
| ***1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcásanna eisceachtúla práinneacha, go bhfuil a AFAnna i dteideal faisnéis*** | |

***airgeadais nó anailís airgeadais a mhalartú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le próiseáil nó anailísiú faisnéise a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht eagraithe a bhfuil baint aici leis an sceimhlitheoireacht.***

***2. Áiritheoidh na Ballstáit sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus faoi réir a gcuid srianta oibríochtúla, go bhféachann AFAnna leis an bhfaisnéis sin a mhalartú go pras.***

*(Treoir 2019/1153)*

*Réasúnú*

*Le hAirteagal 53 de AMLD5 atá ann faoi láthair, tugtar isteach bunús dlí leathan le haghaidh malartú faisnéise idir AFAnna maidir le sciúradh airgid agus cionta preideacáide, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht. Dá bhrí sin, le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2019/1153, tugadh isteach neamhréireacht maidir leis an mbunús dlí le faisnéis a mhalartú idir AFAnna in AE, agus chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint, ba cheart í a scriosadh. Ba cheart gurb é Airteagal 53 de AMLD5 – agus Airteagal 24 den togra ón gCoimisiún maidir le AMLD6 a chuirtear ina ionad – an t-aon bhunús dlí amháin do mhalartú faisnéise idir AFAnna.*

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rochtain na n-údarás inniúil ar chlárlanna láraithe cuntas bainc tríd an bpointe rochtana aonair |
| **Tagairtí** | COM(2021)0429 – C9-0338/2021 – 2021/0244(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>13.9.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Inese Vaidere<br>16.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 13.1.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 14.3.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 46<br>–: 3<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Gunnar Beck, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Raffaele Fitto, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Luis Garicano, Valentino Grant, Claude Gruffat, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Aurore Lalucq, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Dragoş Pîslaru, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manon Aubry, Karima Delli, Maximilian Krah, Chris MacManus, Andreas Schwab, Linea Søgaard-Lidell |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Silvia Modig |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 46 | + |
|---|---|
| ID | Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni |
| NI | Enikő Győri |
| PPE | Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Andreas Schwab, Ralf Seekatz, Inese Vaidere |
| Renew | Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Luis Garicano, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Dragoş Pîslaru, Linea Søgaard-Lidell, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Evelyn Regner, Alfred Sant, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Karima Delli, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Ernest Urtasun |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Gunnar Beck, Maximilian Krah |
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ECR | Raffaele Fitto, Michiel Hoogeveen, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle |
| ID | Valentino Grant, France Jamet |
| The Left | Chris MacManus |

| | Ceartuithe ar vótálacha agus intinn vótála |
|---|---|
| + | Valentino Grant |
| - | |
| 0 | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rochtain na n-údarás inniúil ar chlárlanna láraithe cuntas bainc tríd an bpointe rochtana aonair |
| **Tagairtí** | COM(2021)0429 – C9-0338/2021 – 2021/0244(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 20.7.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>13.9.2021 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>13.9.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Emil Radev<br>29.11.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 31.3.2022 13.7.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.1.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 56<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Patricia Chagnon, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Laura Ferrara, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Erik Marquardt, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Isabel Santos, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elena Yoncheva |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Bartosz Arłukowicz, Damian Boeselager, Delara Burkhardt, Susanna Ceccardi, Olivier Chastel, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Gwendoline Delbos-Corfield, Klára Dobrev, Christian Doleschal, Cyrus Engerer, Loucas Fourlas, Romeo Franz, Daniel Freund, José Gusmão, Balázs Hidvéghi, Brice Hortefeux, Laura Huhtasaari, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Dietmar Köster, Ondřej Kovařík, Sergey Lagodinsky, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Jaak Madison, Giuseppe Milazzo, Alessandra Mussolini, Matjaž Nemec, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Carina Ohlsson, Philippe Olivier, Kostas Papadakis, Anne-Sophie Pelletier, Morten Petersen, Giuliano Pisapia, Peter Pollák, Carles Puigdemont i Casamajó, Bergur Løkke Rasmussen, Sira Rego, Terry Reintke, Thijs Reuten, Franco Roberti, Rob Rooken, Domènec Ruiz Devesa, Silvia Sardone, Michal Šimečka, Sylwia Spurek, Paul Tang, Cristian Terheş, Róża Thun und Hohenstein, Romana Tomc, Dragoş Tudorache, Miguel Urbán Crespo, Nils Ušakovs, Tom Vandenkendelaere, Hilde Vautmans, Harald Vilimsky, Loránt Vincze, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Axel Voss, Maria Walsh, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Juan Ignacio Zoido Álvarez |

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Isabel Benjumea Benjumea, Jorge Buxadé Villalba, Marian-Jean Marinescu, René Repasi, Antonio Maria Rinaldi, Mounir Satouri, Jörgen Warborn |
| **Dáta don chur síos** | 17.1.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 56 | + |
|---|---|
| ECR | Joachim Stanisław Brudziński, Patryk Jaki, Beata Kempa, Vincenzo Sofo |
| ID | Patricia Chagnon, Antonio Maria Rinaldi, Tom Vandendriessche |
| NI | Laura Ferrara |
| PPE | Asim Ademov, Isabel Benjumea Benjumea, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Lena Düpont, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Marian-Jean Marinescu, Nadine Morano, Alessandra Mussolini, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Loránt Vincze, Jörgen Warborn, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Ondřej Kovařík, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom |
| S&D | Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, René Repasi, Thijs Reuten, Domènec Ruiz Devesa, Isabel Santos, Birgit Sippel, Petar Vitanov, Elena Yoncheva |
| The Left | Malin Björk, Clare Daly, Sira Rego |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Mounir Satouri, Tineke Strik |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Gunnar Beck |
| NI | Milan Uhrík |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Jorge Buxadé Villalba |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh